

# ☘ An Lúibín ☘

17 Meitheamh 2020

## Teanga a sheasann

*All admit that colloquial Irish is changing rapidly under the influence of English. In the Gaeltacht this seems the prelude to extinction; elsewhere it signifies a burgeoning. Non-traditional Irish now has a life of its own – enough to invite academic attention. Phonology and grammar have been analysed, together with the sociolinguistic implications.*

D'aithneodh dall gan súil anois gur Gaeilgeoirí cathrach iad (daoine a d'fhoghlaim Gaeilge mar theanga bhreise agus atá réasúnta líofa) formhór mór na gcainteoirí Gaeilge atá anois ann. Ní borradh mór atá faoina líon faoi láthair ach tá siad ag seasamh an fhóid: as a chéile a dhéantar na caisleáin. Níl sé dlíte orthu Gaeilge a úsáid, agus is iomaí bac a chuirtear leo i saol an Bhéarla; ach leanann siad orthu ag treabhadh an iomaire. Is beag an t-ionadh go bhfágann an saol úd an Bhéarla a rian ar an nGaeilge thraidisiúnta agus iarthraidisiúnta. Is ait an scéal é (mar a deirtear uaireanta) gurb í an Ghaeilge a d'fhág a rian ar Bhéarla na hÉireann sa chéad dul síos; a mhalairt e scéal atá anois ann. Cibé lámh a rinne an ciste, tá blas fíor-Ghaelach air.

Níl na taighdeoirí gan suim a chur sa scéal. Seo Conchúr Ó Giollagáin:

Neach sóisialta atá sa duine agus feidhmíonn sé cuid mhór de réir norm agus cleachtas a leagann daoine eile amach dó i ngeall ar an acmhainn shóisialta atá aige.<sup>1</sup>

Ní duine ach daoine is ciontaí leis na hathruithe, rud a fhágann gur deacair cur ina gcoinne mura maith leat iad. Is coitianta an rud an códmhalartú anois, agus luann an Giollagánach roinnt samplaí:

Theip an *hard drive* orm inniu.

Chuaigh mise go Meiriceá in *Nineteen Forty Nine*.

Meas tú an bhfuil sé ródheireanach ag gabháil ag *makáil Christmas cakes*?

Criól nua, mar a deirtear, agus gach rud curtha san áireamh – canúint a dhéantar de phrionmhtheanga agus lorg buan fágtha uirthi ag teanga eile (an Béarla, sa chás seo). É á labhairt ag a lán cainteoirí 'iarthraidisiúnta' agus é mar theanga dhúchais ag gasúir. Luann an Giollagánach na samplaí seo: 'Céard a súgfraidh muid?' (*Cén cluiche a bheidh againn?*), 'Bhfuil cead agam déan é?' (*Bhfuil cead agam é a dhéanamh?*). Cloistear abairtí ar nós 'ar cúl iad' in áit 'ar a gcúl' agus 'ag déanamh é' in áit 'á dhéanamh'. Déantar na hathruithe tosaigh a shimpliú: 'leis an fear' in áit 'leis an bhfear/fhear' agus 'tá an am caite' in áit 'tá an t-am caite'. Athruithe gramadaí agus foghraíochta araon atá i gceist anseo, rud atá pléite ag a lán taighdeoirí.<sup>2</sup> Luann an Giollagánach féin fuaimniú 't' an Bhéarla (in áit 't' leathan na Gaeilge) i bhfocail ar nós 'tá,' go háirithe i dTuaisceart Éireann.

Is léir go bhfuil roinnt cainteoirí iarthraidisiúnta a bhfuil ardchumas Gaeilge acu agus ar beag an rian a d'fhág an Béarla ar a gcuid Gaeilge. Mar a deir an Giollagánach, áfach, tá aon chineál Gaeilge amháin ag teacht i réim i mbéal na gcainteoirí óga, cuma más sa Ghaeltacht é nó lasmuigh di. Mar a deir an Giollagánach, tá gnáthchaint ann arb í an scothaicme chathrach is mó atá á múnlú i dtaca le foclóir agus le gramadach. Sin an idirthréimhse theangeolaíoch a thagann roimh thréigean na teanga i limistéar amháin agus roimh neartú na teanga i limistéar eile.

Aithníonn an Giollagánach agus taighdeoirí eile ceann de na deacrachtaí móra. Ó bhunú an stáit leagadh dualgas na hathbheochana ar na scoileanna agus níor féachadh chuige úsáid nádúrtha na teanga a spreagadh i réimsí eile. Deacracht í atá fós ann, agus tá ag teip fós ar na scoileanna líon suntasach cainteoirí a chur ar fáil a labhródh an Ghaeilge sa saol mór. An tríú cuid ar a laghad de na cainteoirí 'laethúla' sa Ghaeltacht atá fós ar scoil ní labhraíonn siad lasmuigh den scoil í. Mar sin féin, mar a deir Ó Giollagáin, tá iarpobal Gaeilge ann anois a ghlac an teanga chuige féin agus atá á coinneáil beo faoi chló eile.

<sup>1</sup> Conchúr Ó Giollagáin, 'An Antraipeolaíocht Teanga,' in Ó hIfeárnáin, Tadhg (eag.). *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Cois Life, 2012.

<sup>2</sup> Féach a ndeir an tOllamh Brian Ó Broin, William Paterson University: 'The Urban Irish Language Community': <https://www.youtube.com/watch?v=2E-K9-GCIOk>

Tá a lán le rá ag beirt eile - Noel Ó Murchadha agus Tadhg Ó hIfearnáin ('Converging and diverging stances on target varieties in collateral languages: The ideologies of linguistic variation in Irish and Manx Gaelic'<sup>3</sup>). Cuireann siad suim i gcás na gcainteoirí óga sa Ghaeltacht (sa mhéid go bhfuil a leithéidí fós ann). Níl an oiread sin cainteoirí traidisiúnta le cloisteáil ag na daoine óga sin agus a muintir chomh scaipthe sin. Agus tá an deacracht chéanna ann a luadh thuas – beartas ó na 1920idí i leith a d'fhág an stát freagrach as cothú na Gaeilge in áit an teaghlaigh agus an phobail, go háirithe i gcúrsaí oideachais. Ina theannta sin, bíonn cainteoirí óga i dteagmháil le cainteoirí éagsúla eile, a bhfuíochas sin ar theicneolaíocht chumarsáide agus ar ghluaiseacht daoine. Fágann seo gur iomaí faill atá ann le dul i dteagmháil le canúintí traidisiúnta eile, Gaeilge iarthraidisiúnta sa Ghaeltacht, Gaeilge chathrach agus an Caighdeán, agus an Ghaeilge ag géilleadh don Bhéarla sa Ghaeltacht san am céanna. Tá a rian sin go léir ar chaint na ndaoine óga sa Ghaeltacht.

Post-traditional new speakers of Irish transgress traditional linguistic practices of the Gaeltacht vernacular in all aspects of language use, just as their post-traditional Gaeltacht counterparts do.<sup>4</sup>

Mar sin féin, creidtear fós i mbarantúlacht chaint na seandaoine. Is iondúil go meastar go sáraíonn tréithe iarthraidisiúnta na Gaeilge ceart na teanga, rud is léir óna bhfuil le rá ag cainteoirí óga ón nGaeltacht faoi Ghaeilge na gcainteoirí cathrach. Seo sliocht as agallaimh a rinne na húdair le daoine óga sa Ghaeltacht agus iad ag cur síos ar chainteoirí cathrach.

Saoirse: *Níl aon bhlas acu. Níl sí nádúrtha. Níl siad in ann í a labhairt go nádúrtha.*

Cormac: *Nach mór go ndéarfainn gur fuath liom an saghas san Gaelainne.*

Séamas: *Dá mbeadh an Ghaelainn san agat, bheadh daoine ag rá nach Gaelainn cheart í agus gur cheart dul dtí n nGaeltacht ar feadh tamaill agus an Ghaelainn cheart a fhoghlaim sa tslí sin.*

Ciarán: *Ach chaithfidís 'bheith ag cónaí anseo i measc na ndaoine ar feadh trí mhí, sé mhí, le bheith á labhairt i gceart, ní thuas i mBaile Átha Cliath i rang oíche éigint le múinteoir nach mbeadh aon scil cheart acu. Sin an tslí go gcaithfidh siad é a dhéanamh; maireachtaint timpeall ar feadh tamaill i measc na ndaoine Gaeltachta agus ansan gheobhaidh siad i gceart é.<sup>5</sup>*

An té a eisteann le cláir Ghaeilge ar an raidió, áfach, bheadh a fhios aige gur iomaí cainteoir iarthraidisiúnta a bhfuil sárlíofacht acu. Más iad na cainteoirí is líofa atá i gceist, déarfá go bhfuil 'nádúrthacht' eile ag teacht chun tosaigh nach bhfuil ag brath ar shean-nósanna cainte. Is é an deacracht is mó atá ag a leithéidí (rud a luaitear ó am go chéile) gan teacht éasca a bheith acu ar stór mór cora cainte. Dá bhrí sin, cuireann siad Gaeilge ar chora cainte an Bhéarla.

Is é Brian Ó Broin, acadóir Gael-Mheiriceánach, is mó a tharraing aird an phobail ar an scéal seo.<sup>6</sup> Chuir sé léitheoirí nuachta ar Raidió na Gaeltachta agus léitheoirí nuachta i stáisiúin Ghaeilge chathrach i gcomórtas le chéile. Bhí suim ar leith aige i gconsain chaola agus sna scornúlaigh. Rinne léitheoirí Gaeltachta faillí 7% nó níos lú iontu sin, ach rinne na léitheoirí cathrach faillí idir 21% agus 66% iontu. Ba bheag an stró ar léitheoirí Gaeltachta abairtí casta a dhéanamh, ach bhí abairtí na nGaeilgeoirí i bhfad níos simplí. Maidir le séimhiú, urú agus na tuisil, ní dharna léitheoirí Raidió na Gaeltachta ach faillí idir 2% agus 6% iontu, ach rinne na Gaeilgeoirí faillí suas le 40% iontu – rud a chuir iontas ar Ó Broin. Tá sé déanta amach aige, mar sin féin, go bhfuil an teanga ag bláthú dá ainneoin sin.

Is deas an sampla den Ghaeilge nua (i mbéal mná óige ón nGaeltacht) an méid seo ar YouTube. Ní hí caint na seanfhundúirí í.

Wikitongues: *Siobhán speaking Irish*: <https://www.youtube.com/watch?v=jeSx2RNSkk>.



## Taisce Aodha Rua Uí Dhomhnaill

<sup>3</sup> Ó Murchadha, N., Ó hIfearnáin, T. 'Converging and diverging stances on target varieties in collateral languages: The ideologies of linguistic variation in Irish and Manx Gaelic,' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 2018, 39, 5, 458-469: <http://www.tara.tcd.ie/bitstream/handle/2262/89709/NO%cc%81M%20TO%cc%81h%20JMMD%20Iu%cc%81il%202015.pdf?sequence=2&isAllowed=y>

<sup>4</sup> Ó Murchadha, N., Ó hIfearnáin, op. cit..

<sup>5</sup> Ó Murchadha, N., Ó hIfearnáin, op. cit..

<sup>6</sup> Brian Ó Broin, 'Schism fears for Gaeilgeoirí,' *Irish Times*, 16/1/2010: <https://www.irishtimes.com/life-and-style/people/schism-fears-for-gaeilgeoir%C3%AD-1.1269494>

In eagrán deireanach *An Lúibín* bhí alt ar uaigh Aodha Rua Uí Dhomhnaill i Salamanca na Spáinne. Bhí sé beo i gcónaí sa bhéaloidias, agus seo scéal ó Dhún na nGall a dhéanann cineál draíodóra de. Is é ionad na heachtra Loch Béal Séad.<sup>7</sup>

Mollaidh Ní Ghallchobhair, dalta a bhí ar scoil na Cruaiche sa Bháinigh i nDún na nGall, a bhreac an scéal síos ó bhéal Phrionsus A Gallchobhair (a hathair, b'fhéidir).<sup>8</sup>



Loch Béal Séad  
*Wikimedia Commons*

*Nuair a bhí Aodh Rua Ó Domhnaill ag fágáil Dhún na nGall bhí mórán airgid aige le cur i dtaisce. Chuaigh sé amach lá amháin go hoileán Loch Béal Séad le é a chur i dtaisce. Ins an am sin bhí geasaibh ag gabháil agus bhí Aodh é féin istigh le lucht na geasa. Cuir siad an t-airgead i bhfolach agus lán pota óir a bhí ann. Tá eascann dá choinhhead go fóill agus deirtear go bhfuil anam duine le cailleadh sula dtig é a thógáil.*

*Níl le feiceáil ins an áit a bhfuil sé curtha ach árdan beag cruinn caonaigh agus tom saileog dhubh ag fás air. Deirtear gur Aodh Rua é fhéin a chuir an tom sin lena láimh fhéin.*



## **An scríbhneoir Gaeilge 2.**

*Writers in Irish don't get wide recognition; but they themselves choose to write in Irish. It has been argued that idealism and romanticism motivate the cultivation of Irish; but in the end the writer must use it simply as an instrument, as with any other language. In a global context, most writers in Irish are exceptional in that their chosen language is not their native tongue.*

Scríbhneoirí Gaeilge: cuid acu níos fearr ná a chéile, cé nach bhféachfaidh *An Lúibín* le hiad a rangú anseo de réir fiúntais (mar gur beatha dhuine a thoil). Bímis sásta go bhfuil siad ann, cé nach léir i gcónaí cén fáth a bhfanann siad i gceann oibre. Is beag iomrá atá ag roinnt leis an obair; is beag brabach atá le fáil as. Ach ní fhágann sin gur díol trua iad scríbhneoirí na Gaeilge; iadsan a roghnaigh an cheird, iadsan a thogair leanúint de, iadsan a tharraing an neamhchlú orthu fein. Bíodh acu!

Agus an méid sin ráite, tá rudaí eile le rá. Caithfidh sé go bhfuil léitheoirí ann, cé nach furasta a dhéanamh amach cá mhéad acu atá ann. Tá na foilsitheoirí beo orthu, le cuidiú Fhoras na Gaeilge. Ach tá an teanga ag athrú chomh scioptha sin agus tá cumas Gaeilge na léitheoirí chomh míchothrom sin nach bhféadann scríbhneoirí a bheith cinnte anois go mbeidh fáilte roimh shaothar a bhfuil aon chastacht stíle ag baint leis. Ní cosúil, mar sin féin, go n-athródh an chuid is mó de na scríbhneoirí na nósanna a chloígh siad riamh leo. Tá dúshlán á thabhairt acu.

Ní féidir linn gan aird a thabhairt ar chúrsaí inscne. Is beag bean fós a bhfuil a hainm le fáil mar údar gearrscéalta nó úrscéil i nGaeilge: chaitheamar súil ar na leabhair atá foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht, ceann de phríomhfhoilsitheoirí na Gaeilge, agus ní bhfuairamar (mar gharbhchomhaireamh) ach cúig chnuasach gearrscéalta le mná as seasca chnuasach ar fad agus gan ach trí úrscéal déag le mná as nócha úrscéal ar fad. Admhaítear, áfach, go bhfuil ainmneacha ban in airde anois i bhfilíocht na Gaeilge. Is trua nach féidir áitiú ar chuid níos mó acu dul sa seans i réimse an phróis.

Dúirt Máire Mhac an tSaoi, file sinseartha na nGael, gur dhóigh le daoine nach leor mórtas cine chun an teanga a thabhairt slán. Dúirt sí go raibh sí sásta dul i mbannaí gur leor, agus gurb iad na siocaracha idéalacha rómánsúla seachas aon argóint phraiticiúil faoi deara an teanga a bheith sa mháith a bhfuil sí. Tá an ceart aici sa mhéid go bhfuil baint ag an rómánsachas le gnó na scríbhneoireachta i nGaeilge - rómánsachas searbh, rómánsachas

<sup>7</sup> Logainm.ie: <https://www.logainm.ie/ga/111232?s=Loch+B%3%a9al+S%3%a9ad>

<sup>8</sup> Bailiúchán na Scol, Imleabhar 1038, leathanach 136: <https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428299/4392568/4476281>

geal, rómánsachas dorcha, rómánsachas diúltach, rómánsachas rómánsúil. Rómánsachas a deir gur teanga ar leith an teanga seo, í chomh hálainn sin, chomh teimhleach agus chomh glan, chomh gáirsiúil féin, teanga na n-aingeal, na ndeamhan agus na ndaoine. Ach i ndeireadh na dála is uirlis don scríbhneoir í, uirlis a dhlíonn meas mar a dhlífeadh theanga ar bith.

Tá sé ráite cheana againn gur chóir d'údair agus do léitheoirí na Gaeilge breis eolais a fháil ar litríocht tíortha eile. Chuireamar suim mar sin sa tagairt a rinne Alan Tittley ar Tuairisc.ie do *Mil as Gach Bláth* (Coiscéim), sleachta as litríocht an domhain a chuir Risteárd Mac Annraoi in eagar. Rinne sé tagairt freisin d'aistriúcháin an Ghúim

*Ba mhinic drochbhlas ag aos liteartha na Gaeilge ar scéim aistriúcháin an Ghúim á mhaíomh gur chuir sé bac ar fhás na litríochta cruthaithí féin. Fág nach bhfuil aon fhianaise air sin againn – agus go deimhin nuair a chrom cuid de na haistriúcháin ab oilte ar an gcumadóireacht, abraimis Seán Ó Ruadháin nó Seán Mac Maoláin, níorbh iad ab fhearr chuici – fós leanann an finscéal. Tá cuid éigin den cháineadh sin ag maolú anois, áfach, de bharr scoláirí éagsúla a chuaigh go dtí na bunfhoinní, nó léitheoirí a chuir de dhua orthu féin cuid éigin de na haistriúcháin sin a léamh arís.<sup>9</sup>*

Bíodh fáilte againn roimh an nguth ón iasacht. Tá aistriúcháin eile á gcur ar fáil anois agus gá leo: braithstintí nua á n-imirt ar an nGaeilge.

Sa chomhthéacs domhanda is aisteach an scéal é nach cainteoirí dúchais an chuid is mó de scríbhneoirí na Gaeilge anois agus nach taise do na léitheoirí féin é. Ní fada ó bhí cainteoirí traidisiúnta chun tosaigh sa cheird, agus tá cuid acu fós ann; ach is iad na Gaeilgeoirí, lucht an dara teanga, atá faoi réim anois. Ní scéal neamhchoitianta é sin sna tíortha Ceilteacha; ach is cuid suntais litríocht na Gaeilge sa mhéid go bhféadann sí scríbhneoireacht den scoth a chur ar fáil i dtír nach bhfuil i bpobal na Gaeilge ach mionlach beag agus, ina theannta sin, go bhfuil a lán scríbhneoirí Gaeilge le fáil lasmuigh den tír sin. Comhartha é sin ar neart an dúchais. Ní i mbaol báis atá an teanga seo.



### Áiteanna beannaithe

*Sites of cultural and spiritual significance have often been destroyed. ISIS vandalised ancient Palmyra in Syria, though most of it survived or can be reconstructed. But a site integral to a sacred landscape cannot be replaced. Australia, a country besotted with mining, has seen many sacred sites damaged or destroyed. Rio Tinto was the latest perpetrator, and perhaps there will be more.*

Cuimhnimis ar scéal a chuir uafás ar mhórán. Cathair ársa Palmyra sa tSiria, áit a bhí faoi smacht an Stáit Ioslamaigh le bliain beagnach. Scrios siad cuid den oidhreacht a bhí ann, oidhreacht atá dhá mhíle bliain d'aois: d'fhág siad Teampall Bel agus Teampall Baalshamin, dhá fhoirgneamh an-suntasacha, ina bhfothracha. Tá an dochar scrúdaithe ag saineolaithe ó thíortha eile, agus is dóigh leo féin agus le ceannaire na Roinne Seaniarsmaí sa tSiria nach bhfuil an dochar sin chomh dona is a síleadh: tháinig 80% den láthair slán,<sup>10</sup> fiú má chreach na hIoslamaithe cuid mhaith den láthair chun seaniarsmaí a dhíol ar an margadh dubh. Tá a lán rudaí le hatógáil sa tSiria roimh láithreacha ársa a dheisiú, ach is féidir an deisiú a dhéanamh, a bheag nó a mhór.

Tá sé áitithe gur fearr glacadh leis an díobháil a rinneadh do láithreacha mar seo, ós cuid den stair í. Ní féidir gach fothrach a athchruthú, agus deir na hiarsmaí linn go bhféadfadh ar thit amach cheana titim amach arís.<sup>11</sup> Tá a mhalairt de shamplaí ann, ar ndóigh: atógadh seancheantar stairiúil Vársá tar éis do na Naitsithe é a leagan go talamh, agus atógadh cuid mhaith de Dresden tar éis na buamála. Déarfadh daoine éigin gur cur i gcéill a leithéid; déarfadh cuid eile gur comhartha ar mheanma stairiúil ár linne é.

Ach ní féidir áit bheannaithe atá fite fuaite i ndreach na tíre féin a thabhairt ar ais. Is minic an méid sin cruthaithe san Astráil, tír atá ag brath go mór ar an mianadóireacht. Cuid de ghnó na mianadóirí an scrios, agus is mór an slad atá déanta acu ar láithreacha beannaithe.

<sup>9</sup> Alan Tittley, 'Bhí litríocht na Gaeilge riamh oscailte don domhan mór agus ní haon ghamail a bhí sa Ghúm,' *Tuairisc.ie*: <https://tuairisc.ie/bhi-litriocht-na-gaeilge-riamh-oscailte-don-domhan-mor-agus-ni-haon-ghamail-a-bhi-sa-ghum/>

<sup>10</sup> 'Clearing mines from the ancient site of Palmyra with restoration work ongoing,' *Euronews.com*: <https://www.euronews.com/2016/05/06/clearing-mines-from-the-ancient-site-of-palmyra-with-restoration-work-ongoing>

<sup>11</sup> <https://www.theguardian.com/artanddesign/jonathanjonesblog/2016/apr/11/palmyra-isis-syria-restored-3d-printers-vandalism>

An mórchomhlacht Rio Tinto an scriostóir is déanaí. Díol spéise é sin, ó tá sé de chlú ar an gcomhlacht céanna go dtugann sé aird mhór ar leas na bpobal Bundúchasach sna limistéir úd a bhfuil sé i mbun oibre. Téann sé i gcomhairle le bunadh na háite agus déanann tréan-iarracht gan láithreacha beannaithe ársa a shárú. Mór an t-iontas, mar sin, go ndearna an comhlacht foscadán aille ársa a scrios i gceantar a bhfuil Bundúchasaigh ina gcónaí le 46,000 bliain ar a laghad. Bhí seandálaithe ag obair ann ach fuair Rio Tinto cead dlí é an beart a dhéanamh.

Na foscadán atá i gceist (i measc foscadán eile atá ann) tá siad suite i Mám Juukan ar Ardchlár Hammersley, áit a bhfuil mianach mór iarainn. Tá a fhios ag Rio Tinto le fada an lá go raibh tábhacht leis na foscadán, ach dúradh go raibh siad ró-ghar don iarann chun iad a sheachaint. Chuaigh Rio Tinto i gcomhairle le húinéirí traidisiúnta agus rinne suirbhéanna seandálaíochta agus eitneagrafaíochta ar feadh deich mbliana sula bhfuair an comhlacht cead ón Aire in 2013. In 2014 d'íoc an comhlacht as tionscadal tarrthála in dhá láithreán mar chlabhsúr, ach thángthas ar éadálacha a bhí i bhfad níos tábhachtaí ná mar a bhí súil leis.

D'aimsigh an seandálaí Michael Slack clocha tuargana agus meilte agus uirlis chnámhe a bhí 28,000 bliain d'aois. Bhí siad ar na huirlisí Bundúchasacha ba shine a fuarthas go dtí seo. Chomh maith leis sin fuair sé crios a bhí déanta de ghruaig fhite agus é 4,000 bliain d'aois, crios a mbaineann a chuid DNA leis an muintir atá anois ann, na Puutu Kunti Kurrama agus Pinikura. Rinne an Dr Slack agus a chomhghuaillithe tuarascáil atá le foilsíú i mbliana, tuarascáil a deir nach féidir áibhéil a dhéanamh ar thábhacht na láithreacha. Moltar go ndéanfaí tochair i láithreacha eile an cheantair.

Dúirt Corporáid Bhundúchasach PKKP go ndeachaigh siad i gcomhairle leis an gcomhlacht ag iarraidh an phléasc a bhacadh nó an dochar a mhaolú, ach gur dúradh leo nach raibh sé sábháilte na lánáin a bhaint amach. Dúirt urlabhra de chuid na Puutu Kunti Kurrama gur chuir siad tábhacht na bhfoscadán in iúl do Rio Tinto anuraidh, agus gur de thimpiste a fuair siad amach go raibh an comhlacht chun na foscadán a phléascadh.

Tá siad ag caint le Rio Tinto chun foscadán eile a chosaint agus buanchaibidlí a chur ar siúl. Tá an rialtas stáit ag tabhairt reachtaíocht nua isteach a ligfidh d'úinéirí traidisiúnta agus do pháirtithe eile feidhm a bhaint as eolas nua agus comhaontú a athrú dá réir. Fágfar faoi na pobail Bhundúchasacha féin a fhógairt céard iad na háiteanna is fiú a chaomhnú in áit fanacht le breith cúirte. Is garr ó fógraíodh go raibh cead ag mórchomhlacht eile, BHP, daichead láthair a scrios sa Pilbara san Astráil Thiar; tá athchomhairle déanta ag BHP anois tar éis thuairis thubaisteach Rio Tinto agus é socraithe ar dhul chun cainte le muintir Bhundúchasach na háite, na Banjima. A mhalaire de dhearcadh (agus dearcadh níos traidisiúnta) atá ag China Shenhua Energy agus rún aige uaigneanna Bundúchasacha agus crainn bheannaithe a scrios in New South Wales chun mianach dromchla a dhéanamh. Fuair sé cead chuige in 2015 ach tá an bunadh áitiúil, na Gomaroi, ar a seacht ndícheall ag iarraidh é a chosc.

Tar éis an tsaoil, níl traidisiún spioradálta na mBundúchasach agus an mhianadóireacht ag teacht le chéile. Faoi láthair caithfidh maireachtáil ar scáth a chéile. Má ligtear do mhianadóirí láithreacha beannaithe a scrios, cailltear i bhfad níos mó ná brabús saolta.



## Dhá dhán le Colin Ryan

### Lána

Nuair a nocht sí roimhe ina sprid  
sa lána lá solasmhar séimh  
ar éigean a chreid sé inti

níor luaigh sé ina dhiaidh sin  
an cheist a chuir sí ná an freagra  
ach b'eol dó go dtiocfadh  
an tuar faoin tairngreacht  
b'eol dó go dteipfeadh air  
í féin a chur faoi chónaí

### Fiche bliain

Fiche bliain atá romham go fóill  
a dúirt tú, ag cuimhneamh  
ar shinsir fhadsaolacha  
agus chonaic tú romhat na sochraidí  
do cheannaithe ídithe sa ghloine

thug an ghaoth chugat  
torann na rudaí nach mairfeadh  
agus lean tú ort ag siúl  
faoi dhreach neamhchúiseach  
na bhflaitheas

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*